# Cén sórt seomra ranga OSPS/OCG a bhíonn ionchuimsitheach?

Níl aon tréith ann arb ionann agus gnáth-thréith do pháiste nó duine óg í. Tagann páistí agus daoine óga chuig an bhfoghlaim in OSPS/OCG ó réimse leathan cúlraí agus eispéireas, agus le féiniúlachtaí éagsúla. Ní foláir glacadh lena chéile agus ceiliúradh a dhéanamh ar a chéile lenár n-uathúlachtaí uile.

Smaoinigh ar na héagsúlachtaí go léir i do sheomra ranga OSPS/OCG - éagsúlacht cúlraí teaghlaigh, cumas, féiniúlachtaí inscne, gnéaschlaontaí, imthosca socheacnamaíocha, cultúr, creideamh agus a thuilleadh nach iad.

**Is ionann seomra ranga OSPS/OCG ionchuimsitheach agus ceann inar féidir leis an scoláire dul i ngleic leis an éagsúlacht ar bhealach measúil. Bunaítear é ar dhearcadh ar an duine aonair agus ar athruithe idir daoine mar acmhainn lenar féidir beatha agus foghlaim a chéile a shaibhriú.**

Is féidir leis na **straitéisí** sin cuidiú chun seomra ranga a chruthú ina mbraitheann gach duine muintearas dá chéile.

- Forbair caidrimh chomhbhácha – téigh i dtaithí ar ainmneacha agus sloinnte scoláirí chomh luath agus is féidir, agus léirigh spéis agus bá dóibh taobh istigh den seomra ranga agus lasmuigh de.
- Bunaigh conradh agus atmaisféar sa seomra ranga ina gceadaítear do scoláirí pléití ionraic a dhéanamh, éisteacht le meas leo agus a bheith oscailte le tuairimí agus eispéiris éagsúla óna gcinn féin a chloisteáil.
- Bain leas as urlabhra measúil agus comhbhách nuair a bhítear ag labhairt faoi dhaoine, agus labhair le scoláirí má bhaineann siad leas as urlabhra dímheasúil nó má léiríonn siad iompraíocht idirdhealaitheach, fiú mura mbíonn siad ach “ag magadh” nó “ag spochadh”. Is tástáil mhaith le seiceáil an urlabhra measúil/dímheasúil atá ann is ea an cheist a chur ar na scoláirí iad féin dá mba mhaith leo go mbainfí leas as an bhfriotal sin mar chur síos ar dhuine ceanúil leo.
- Má dhealraítear go bhfuil rang éigin cuibheasach aonchineálach (mar shampla, i dtéarmaí eitneachais, cúlra socheacnamaíoch, srl.), déan do cheacht a theagasc agus timpeallacht níos éagsúla á samhlú. Mar shampla, samhlaigh an chaoi a n-aireofá dá mbeadh duine éigin ó chultúr éigin eile ag éisteacht agus ag faire ar an teagasc agus foghlaim? Tabharfaidh sé sin cumhdach i gcoinne sleamhnú isteach i dteanga choimhthithe.
- Tabhair tacaíocht do scoláirí dearcthaí, eolas agus scileanna a fhorbairt d’aithint agus aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí, claontachtaí, éagóir agus leithcheal.
- Agus cinneadh á dhéanamh maidir le modhanna inneachair agus teagaisc, déan cinnte de go n-áireofar samplaí, cásanna, cás-staidéir, srl. leo ina léirítear speictream bheatha, eispéiris agus fhéiniúlachtaí páistí agus daoine óga.
- Glac leis go bhfaightear éagsúlacht i measc do scoláirí, fiú mura bhfeiceann tú féin í — is féidir nach bhfeicfidh tú nó nach feasach duit ar go leor gnéithe de bheatha, féiniúlachtaí agus cúlraí na scoláirí. Mar shampla, meabhraigh agus tú i mbun teagaisc go mbeidh scoláirí LADTAI+ i ngach aon rang, nó go mbeidh scoláirí agat a bhfuil cairde, baill teaghlaigh nó daoine muinteartha LADTAI+ acu.
- Cruthaigh spás fisiceach ionchuimsitheach trí íomhánna a thaispeáint ina léirítear éagsúlacht d’eispéiris daoine óga, m.sh. íomhánna d’aonaid teaghlaigh éagsúla, cineálacha éagsúla caidreamh, eolas faoi sheirbhísí óige, eolas faoin tsláinte agus faoin bhfolláine, lena n-áirítear faisnéis ábhartha do scoláirí LADTAI+.
- Tabhair cead cainte do chách: Cinntigh go mbíonn deiseanna comhionanna ag gach scoláire tuairimí a nochtadh go measúil agus go leochaileach, ag tabhairt san áireamh leibhéil chompoird, aibíochta agus oscailteachta éagsúla na scoláirí. Ceadaigh leo go rialta go mbíonn sé sin ag tarlú.
- Bain úsáid as teanga ionchuimsitheach, dhearfach agus neodrach ó thaobh inscne de.

# Cén sórt seomra ranga OSPS/OCG a bhíonn ionchuimsitheach?

## Seachain do theanga!

Is minic a úsáideann múinteoir teanga i ngan fhios dó féin lena n-eisiatar nó lena n-airíonn roinnt scoláirí míchompordach nó gan mheas. Mar shampla, níor cheart leas a bhaint as focail mar "juncaí" nó "pótaeir" nuair a bhítear ag caint faoi dhrugaí nó faoin alcól. Níor cheart ach an oiread nuair a bhítear ag labhairt faoin meabhairshláinte go mbainfí leas as téarmaí mar "craiceáilte", "imithe le báiní", "ait"; agus seachain aon trácht a dhéanamh ar chruth colainne daoine nuair a bhítear ag labhairt faoin itheachán sláintiúil (go dearfach nó go diúltach) agus ná cuir lipéid ar dhaoine riamh mar "ramhar" ná "tanaí" - labhair faoi "sláintiúil/neamhshláintiúil" ina n-ionad. Seachain teanga agus barúlacha heitreanormatacha freisin, ar nós tagairt a dhéanamh do chaidrimh rómánsúla i dtéarmaí caidrimh idir buachaillí agus cailíní amháin agus teanga bunaithe ar dhénárthacht nach dtugtar san áireamh solúbthacht na hinscne agus na gnéasachta.

D'fhéadfadh na straitéisí sin a bheith ina dtúsphointe áisiúil

- Más é Béarla teanga an ranga, bain úsáid as gnáth-Bhéarla nuair a thugtar ábhair isteach agus nuair a phléitear iad.
- Seachain úsáid an fhocail "gnáth", go háirithe nuair a bhítear ag labhairt faoi dhaoine. Is iondúil go dtuigtear breithiúnas leis orthu siúd nach bhfuil taobh istigh den chatagóir "gnáth". Labhair ina ionad sin faoi choitiantacht nó tipiciúlacht, agus tabhair le fios go bhfuil éagsúlacht eispéireas mar ghnáthnós.
- Tugann gach duine barúil faoi rud — cibé uair is féidir leat, déan iarracht aird a tharraingt ar do bharúlacha féin ar bhealach ina léirítear toilteanas chun tú féin a cheartú, agus ansin bog ar aghaidh ar bhealach nach ndéanann scéal mór de ach atá ionraic mar sin féin, m.sh. "Gabh mo leithscéal, níor cheart dom talamh slán a bheith déanta agam de sin i ndáiríre."
- Tabhair le fios nuair nach léirítear éagsúlacht agus ionchuimsiú sna téacsleabhair ná sna hacmhainní. Má dhéanann tú é sin, cuideoidh tú le do scoláirí súil ghrinn a fhorbairt.
- Glac deiseanna inteagaisc le leideanna a thabhairt do scoláirí chun steiréitíopaí inscne agus eile a cheistiú. Déan plé ar an gcaoi a gcuireann na steiréitíopaí srian ar shochaí ar bhealaí lena mbaineann impleachtaí dochracha agus deiseanna teoranta do chách.
- Nuair a bheannaíonn tú do do scoláirí den chéad uair, cuir d'ainm agus forainmneacha in iúl (m.sh. "Is mise Iníon Ní Mhurchú agus is "ise" a úsáidim mar fhorainm"). Tugann sé sin comhartha gur feasach duit agus go léiríonn tú meas don chaoi nach n-úsáidfidh gach duine na forainmneacha a mbíonn daoine ag dúil leo, ná an t-ainm agus na forainmneacha a fhaightear ar na taifid oifigiúla.
- Seachain na scoláirí a chur i ngrúpaí ar fhorais inscne, níl aon chál leis sin. Déantar deighilt gan chál le nós mar sin. Is féidir barúlacha agus steiréitíopaí faoin inscne a threisiú leis go follasach agus go caolchúiseach, agus is féidir scoláirí a chur ina dtost agus a eisiamh leis, scoláirí ag a mbeadh féiniúlacht mar dhuine trasinscneach, neamh-dhénártha nó idirghnéasach. Mar shampla, d'fhéadfá friotail ar nós "chuile dhuine" nó "a chairde" a chur in ionad "a bhuachaillí agus a chailíní" nó "a fheara agus a mhná", agus is féidir leat leas a bhaint as "tuismitheoirí agus cúramóirí" in ionad "Aithreacha agus Máithreacha".